


# Ráiteas Straitéise 2022 - 2024

---



AN TÚDARÁS PÓILÍNEACHTA  
POLICING AUTHORITY



# Clár

## Fúinn 4

Ár Ról	4
Maoirseacht ar Phóilíneacht	5
Ceapacháin	6
Feasacht agus Rannpháirtíocht an Phobail	6
Taighde	6
Ár Ráiteas Straitéise a Fhorbairt	7

## Fís, Misean agus Luachanna 8

## Téamaí Straitéiseacha 10

<b>Téama Straitéiseach 1:</b> Póilíneacht Phobaldírthe	11
<b>Téama Straitéiseach 2:</b> Póilíneacht Éifeachtach	16
<b>Téama Straitéiseach 3:</b> Caighdeán an Gharda Síochána agus Cearta Daonna	21
<b>Téama Straitéiseach 4:</b> Ceannaireacht trí Leasú	26
<b>Téama Straitéiseach 5:</b> Maoirseacht eolasach ina dtéitear i ngleic leis an bpobal ar chúrsaí póilíneachta	30
Ár dTiomantas do Chearta an Duine agus don Chomhionannas	34

# Fúinn

Bunaíodh an tÚdarás Póilíneachta ar an 1 Eanáir 2016 chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta in Éirinn. Is Comhlacht Reachtúil é, bunaithe le hachtachán Acht an Gharda Síochána (Údarás Póilíneachta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2015, ag leasú Acht an Gharda Síochána 2005.

Is é an Rialtas a cheapann comhaltaí an Údaráis i ndiaidh próiseas roghnúcháin arna réachtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Tá foráil sa reachtaíocht a bhunaigh an tÚdarás go mbeadh naonúr comhaltaí san iomlán ag an Údarás – Cathaoirleach agus ochtar gnáthchomhaltaí. Tá comhdhéanamh an Údaráis ag teacht leis an gcuspóir reachtúil go mbeadh ar a laghad ceathrar fear agus ar a laghad ceathrar ban ar an Údarás. Éilíonn an tAcht go mbeadh taithí, cáilíochtaí, oiliúint nó saineolas cuí ag comhaltaí an Údaráis, agus eolas ar réimsí a bhaineann le:

- Ceisteanna póilíneachta
- Cearta an duine agus ceisteanna comhionannais
- Riarachán san earnáil phoiblí
- Bainistíocht bhoird agus rialachas corparáideach
- Obair a dtugann grúpaí deonacha fúithi le pobail áitiúla, go háirithe obair chun sábháilteacht sa phobal a chur chun cinn, coireacht a chosc nó feasacht ar shaincheisteanna eile a bhaineann le seirbhísí póilíneachta a chur chun cinn

Is iad an naonúr comhaltaí atá ar an Údarás ná:

- An tUas. Bob Collins (Cathaoirleach)
- Ms. Shalom Binchy
- An Dr. Donal de Buitléir
- An Dr. Elaine A. Byrne BL
- An Dr. Deborah Donnelly
- Ms. Valerie Judge
- An tUas. Paul Mageean
- An tUas. Stephen Martin
- An Dr. Moling Ryan

Faigheann an tÚdarás tacaíocht ó fhoireann lárnach atá faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh, Helen Hall Uasal.



## Ár Ról

Tá foráil san Acht do réimse leathan feidhmeanna don Údarás, cuid acu a raibh an Rialtas nó an tAire Dlí agus Cirt freagrach astu roimhe. Tá samplaí dár gcuid feidhmeanna agus an dóigh a gcuirimid i gcrích iad léirithe thíos.




## Maoirseacht ar Phóilíneacht

Is í príomhfheidhm an Údaráis Póilíneachta maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú an Gharda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta a sholáthar in Éirinn. Déanaimid é seo ar roinnt dóigheanna, lena n-áirítear:

- Trí Ráiteas Straitéise trí bliana an Gharda Síochána a fhaomhadh
- Tosaíochtaí Póilíneachta agus spriocanna feidhmíochta a leagan amach gach bliain don Gharda Síochána
- An Plean Póilíneachta Bliantúil a fhaomhadh
- Cruinnithe míosúla a eagrú le Coimisinéir an Gharda Síochána, lena n-áirítear cruinnithe poiblí ceithre huair sa bhliain ar a laghad, atá sruthaithe beo agus atá ar fáil le craoladh ag na meáin, de réir mar a éilítear sa reachtaíocht.
- Foinsí neamhspleácha faisnéise agus taithí a fhorbairt chun ár measúnú ar fheidhmíocht póilíneachta a threorú trí rannpháirtíocht le réimse leathan de pháirtithe leasmhara
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shocruithe agus meicníochtaí sa Gharda Síochána le haghaidh:
  - Rialú Corparáideach
  - Earcaíocht, oiliúint agus forbairt
  - Tomhas feidhmíochta agus cuntasachta
  - Bainistiú agus dáileadh acmhainní

- A bheith ar an eolas faoi:
  - Gearáin a dhéantar i gcoinne baill den Gharda Síochána agus cur i bhfeidhm na Rialachán Smachta
  - Treochtaí agus patrúin i gcoireanna a dhéantar
- Monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh don Aire ar na bearta a ghlac an Garda Síochána i ndáil le moltaí a rinneadh i dtuarascálacha ó Chigireacht an Gharda Síochána agus tuarascálacha tríú páirtí eile
- Faisnéis agus comhairle a sholáthar don Aire ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear:
  - Na hacmhainní a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón nGarda Síochána chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh i ngach bliain airgeadais atá le teacht
  - Forbairtí maidir le nithe a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus moltaí chun cuidiú leis an Aire polasaithe a chomhordú agus a fhorbairt chuige sin
  - An cleachtas is fearr i leith póilíneachta
- In 2016 bhunaigh an tÚdarás Cód Eitice don Gharda Síochána a leagann síos caighdeáin iompair agus cleachtais do chomhaltaí an Gharda Síochána. Leanann an tÚdarás ag maoirsiú ar leabú an Chóid ar bhonn leanúnach mar chuid dá ghníomhaíochtaí maoirseachta. **Féach ar an gCód Eitice**



## Ceapacháin

Tugann an tÚdarás faoi réimse gníomhaíochtaí a bhaineann le pearsanra a roghnú agus a cheapadh don Gharda Síochána, lena n-áirítear:

- › Daoine a ainmniú le go gceapfaidh an Rialtas iad chuig poist Choimisinéir an Gharda Síochána agus Leas-Choimisinéir an Gharda Síochána
- › Tabhairt faoi chomórtais roghnúcháin do dhaoine a cheapadh chuig gráid shinsearacha an Choimisinéara Chúnta, an Ard-Cheannfoirt agus an Cheannfoirt
- › Ceapacháin a dhéanamh chuig na gráid shinsearacha seo agus chuig poist den chineál céanna i bhfoireann shinsearach an Gharda Síochána
- › Líon foirne an Gharda a fhaomhadh
- › Socruithe earcaíochta, oiliúna agus forbartha bhaill agus bhaill sibhialtacha foirne an Gharda Síochána a mhaoirsiú



## Feasacht agus Rannpháirtíocht an Phobail

Is luachmhar go mór leis an Údarás Póilíneachta trédhearcacht ina chuid oibre chun feasacht ar fheidhmíocht phóilíneachta agus saincheistanna gaolmhara i sochaí na hÉireann a chur chun cinn i measc an phobail agus páirtithe leasmhara eile i gcoitinne.

Déanann sé cumarsáid agus téann sé i dteagmháil le páirtithe leasmhara chun eolas a fháil ar an méid a mbíonn siad ag súil leis agus a n-eispéiris maidir le póilíneacht agus chun aischothú a fháil faoi. Déantar obair an Údaráis a shoiléiriú trí:

- › Cláir oibre agus miontuairiscí chruinnithe an Údaráis a fhoilsiú go rialta ar ár suíomh Gréasáin
- › Cruinnithe agus ócáidí eile poiblí a réachtáil
- › Comhairliúcháin phoiblí a réachtáil le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne
- › Rannpháirtíocht a dhéanamh go díreach le príomhpháirtithe leasmhara ar nós Comhchoistí Póilíneachta agus na sochaí sibhialta
- › Rannpháirtíocht a dhéanamh go díreach le pobail agus leis an éagsúlacht ar fad atá iontu, chun an t-eispéireas atá acu ar chúrsaí póilíneachta a chluinstin
- › Tuarascálacha agus ábhar eile a fhoilsiú ar ár suíomh Gréasáin ar thorthaí na hoibre maoirseachta a dtugaimid fúithi, ábhar ina léirítear go han-mhinic an dóigh ar úsáid muid eispéiris agus peirspictíocht na ndaoine a mbíimid i dteagmháil leo chun feidhmíocht an Gharda Síochána a mheas



## Taighde

Is cuspóir tábhachtach de chuid an Údaráis Póilíneachta é cur leis an eolas atá ann faoi sheirbhísí póilíneachta agus tacú le cúrsaí póilíneachta a fheabhsú go leanúnach sa Stát. Déanann an tÚdarás é seo trí:

- Tabhairt faoi thionscadail taighde, nó iad a choimisiúnú nó cuidiú leo maidir le hábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta, a d'fhéadfadh, i dtuairim an Údaráis:
  - Feabhas a chur ar chaighdeáin maidir leis na ceisteanna sin agus feacht an phobail orthu a chur chun cinn, agus/nó
  - Cur le laghdú ar líon na ngearán in aghaidh bhaill an Gharda Síochána maidir leis na ceisteanna sin.
- Tabhairt faoi thaighde inmheánach chun tacú le hobair an Fheidhmeannais, an Údaráis agus a Choistí chun feidhmeanna reachtúla agus tosaíochtaí corparáideacha na heagraíochta a bhaint amach
- Sparánachtaí taighde a chur ar fáil chun tionscadail a mhaoiniú a chlúdaíonn na téamaí taighde a bhaineann le hobair an Údaráis
- Líonraí a thógáil le daoine eile i réimsí na póilíneachta agus na maoirseachta, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear comhlachtaí maoirseachta, institiúidí acadúla agus taighde, agus páirtithe leasmhara eile

Tá an Straitéis bunaithe freisin ar thaighde, ar chomhairliúchán agus ar rannpháirtíocht le pobail, eagraíochtaí agus grúpaí a thug a gcuid ama go fial, go háirithe le dhá bhliain anuas. Tá sé bunaithe freisin ar ár rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána ag gach céim chomh maith le comhoibriú le comhlachtaí maoirseachta sa bhaile agus thar lear.

Leagtar amach i Straitéis Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí 2020 fíís de sheirbhís phoiblí a bhaineann leas as cumhacht na nuálaíochta chun seirbhísí poiblí den scoth a chur ar fáil in Éirinn. Is éard atá i gceist le nuálaíocht ná bealaí nua a aimsiú chun seirbhísí agus freagraí ar pholasaithe a sholáthar ar dhóigheanna a bhféadfaí luach a chur leis na daoine a ndéanaimid freastal orthu. Baineann nuálaíocht freisin le bheith ag iarraidh na torthaí is fearr agus is féidir a bhaint amach trí bhealaí a lorg chun feabhas a chur ar na seirbhísí reatha. San Údarás Póilíneachta táimid tiomanta don fhíís seo agus amharcaimid uirthi mar an bpríomhbhealach a gcuirfimid chun cinn athruithe agus an Ráiteas Straitéise seo i bhfeidhm. Léirímid é seo san fhíís atá againn obair sholúbtha a éascú, obair a tharraingeoidh ar na nuálaíochtaí sa chleachtas oibre a rinneadh le linn na paindéime. Trí nuálaíocht a chur i gcroílár ár n-eagraíochta déantar baill foirne a spreagadh agus a chumasú, agus tugann sé na huirlisí agus na scileanna dóibh le bheith nuálaíoch agus ag an am céanna cuidíonn sé leo a bheith ag comhoibriú go gníomhach agus ag éisteacht le grúpaí éagsúla. Tá an tÚdarás Póilíneachta tiomanta do chultúr nuálaíochta agus foghlama a chruthú ó chomhghleacaithe linn in eagraíochtaí eile trí léargais agus eolas a roinnt. Beidh an modh seo oibre riachtanach agus muid ag ullmhú don chlaohlú seo le bheith mar eagraíocht nua agus ag an am céanna bealach a aimsiú le go mbeimid éifeachtach agus éifeachtúil i ngach rud a dhéanaimid.

## Ár Ráiteas Straitéise a Fhorbairt

D'fhorbair an tÚdarás an Ráiteas Straitéise seo i ndiaidh tabhairt faoi thréimhse athbhreithnithe agus machnaimh inar bhreithnigh sé na príomhthéamaí maoirseachta a tháinig chun cinn le sé bliana anuas dá chuid oibre, agus an dóigh ar féidir leis dul ar aghaidh lena chuid oibre chun a chinntiú go mbíonn seirbhís phóilíneachta éifeachtach ann do gach ball den phobal.

# Fís

**Seirbhís phóilíneachta atá eiticiúil, éifeachtach agus bunaithe ar chearta an duine agus as a mbíonn muinín ag an bpobal a bhfreastalaíonn sí air, muinín atá tuillte aici mar sheirbhís ó phobal atá ag éirí níos éagsúla i gcónaí.**

# Misean

**An Garda Síochána a choinneáil cuntasach go cothrom agus go trédhearcach le leas gach duine, go háirithe na daoine is mó i mbaol.**



# Luachanna

## Neamhspleáchas

Cuirimid ár bhfeidhmeanna i gcrích gan chamadh gan chlaonadh agus bíonn aird againn ar an ngá atá le bheith neamhspleách de réir bearta agus briathair, chun an freastal is fearr a dhéanamh ar an bpobal.

## Éisteacht

Téimid i dteagmháil le heagraíochtaí agus éistimid lenár bpobail. Mar chuid dár seirbhís don phobal, déanaimid iarracht ghníomhach tuairimí nach gcloistear go minic a lorg agus éistimid leo, lena n-áirítear tuairimí leanaí, chun an t-eispéireas beo ar an bpóilíneacht a thuiscint.

## An Pobal sa Lár

Dírímid ár n-iarrachtaí i dtreo maoirseachta atá oscailte, trédhearcach agus cuntasach agus a thugann cinnteacht agus muinín don phobal ar fad go bhfuilimid ag gníomhú ar a son chun seirbhís phóilíneachta a chinntiú agus a chur ar fáil a choinníonn sábháilte iad.

## Cothrom na Féinne

Táimid cothrom inár bpróisis, inár rannpháirtíocht agus inár measúnú.

## Meas

Aithnímid agus bíonn meas againn ar ghairmiúlacht agus taithí an Gharda Síochána agus nádúr uathúil na rioscaí a ghlacann a mbaill chun daoine a choinneáil sábháilte. Tá meas againn freisin ar bhailíocht eispéiris na ndaoine sin go léir a mbíonn teagmháil acu leis an tseirbhís phóilíneachta agus aithnímid go bhfuil ár maoirsiú bunaithe ar an dá cheann.

## Ceartha Daonna

Oibreoidimid lena chinntiú go seasfaidh an tseirbhís phóilíneachta a chuireann an Garda Síochána ar fáil do chearta daonna gach duine a thagann i dteagmháil leis. Cuirfimid comhionannas, éagsúlacht, cearta an duine agus ionchuimsiú chun cinn inár n-eagraíocht féin, sa phóilíneacht agus sa tsochaí is leithne.

## Foghlaim

Is mór againn fiosracht agus feabhsú leanúnach inár n-eagraíocht agus sa phóilíneacht. Forbróimid ár scileanna agus ár n-eolas chun an obair a dhéanaimid a threorú.

# Téamaí Straitéiseacha



## Póilíneacht Phobaldírthe

Déanann póilíneacht freastal ar riachtanais an phobail go léir agus spreagann sí muinín ann



## Póilíneacht Éifeachtach

Tá póilíneacht éifeachtach chun coireacht a aimsiú agus a chosc agus cuirtear i gcrích é de shíor trí úsáid éifeachtach acmhainní



## Caighdeán an Gharda Síochána agus Cearta an Duine

Póilíneacht eiticiúil a chosnaíonn cearta an duine do gach duine a bhíonn páirteach sa tseirbhís agus iad siúd a bhfuil tionchar acu uirthi



## Ceannaireacht trí Leasú

Bhí tionchar ag an Údarás ar na socruithe maoirseachta póilíneachta don am atá le teacht agus tá sé ullamh lena n-aistriú go dtí an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail



## Maoirseacht eolasach ina dtéitear i ngleic leis an bpobal ar chúrsaí póilíneachta


Bíonn an tÚdarás ar lorg, trí thaighde a dhéanamh agus trína bheith ag éisteacht go gníomhach, éagsúlacht tuairimí ar eispéireas ar an bpóilíneacht agus úsáideann sé, mar Údarás, an t-eolas seo chun dúshlán a thabhairt don Gharda Síochána póilíneacht a fheabhsú go leanúnach

Tá straitéis an Údaráis dírithe ar chúig théama straitéiseacha a chreidimid a léireoidh béim ár gcuid oibre sna blianta atá amach romhainn. Tá toradh inmhianaithe ag gabháil le gach téama ina gcuirtear in iúl an méid atá an obair de réir gach téama ag iarraidh a bhaint amach.

Téama Straitéiseach

**01**

# Póilíneacht Phobaldírithé



## Toradh Inmhianaithe



Déanann póilíneacht freastal ar riachtanais an phobail go léir agus spreagann sí muinín ann

### Cuspóirí Straitéiseacha

### Gníomhartha

### Slata tomhais ratha

**Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na seirbhíse póilíneachta a chuirtear ar fáil do phobail**

Clár rannpháirtíochta trí bliana le pobail áitiúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na tíre chun éisteacht leo agus a gcuid riachtanais póilíneachta a phlé leo agus measúnú a dhéanamh ar a mhéad atáthar ag freastal ar na riachtanais sin.

Straitéis Chumarsáide a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chuireann feasacht ar chúrsaí póilíneachta chun cinn i measc grúpaí éagsúla.

Ócáid phlé phoiblí phobalbhunaithe a eagrú uair sa bhliain ar a laghad ina n-éascaítear plé idir an Garda Síochána agus pobal ar leith ar a riachtanais, dírithe ar dhóigheanna a aithint ina bhféadfaí feabhas a chur ar an tseirbhís phóilíneachta don phobal sin agus do phobail eile, agus dóibh siúd atá cosúil leo.

Tá léargais thráthúla sa chlár rannpháirtíochta ar an eispéireas le cúrsaí póilíneachta a thugann treoir do rannpháirtíocht an Údaráis leis an nGarda Síochána agus d'fheidhmíocht seirbhísí póilíneachta a mheas agus a fheabhsú dá réir.

Feasacht an phobail ar chúrsaí póilíneachta a chur chun cinn agus deiseanna a chruthú le haghaidh comhrá poiblí, teagmháil dhíreach leis an bpobal agus tuiscint agus plé idir an pobal agus an Garda Síochána ar an tseirbhís phóilíneachta atá á cur ar fáil aige.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**An t-eispéireas ar an bpóilíneacht a fheabhsú, go háirithe ag leanaí agus daoine óga**

Dul i dteagmháil leis an nGarda Síochána chun scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar an tseirbhís a chuireann sé ar fáil do leanaí mar íospartaigh na coireachta, mar fhinnéithe agus mar dhaoine a bhfuil amhras fúthu agus tabhairt faoi thaighde nó taighde a choimisiúnú, tuairimí daoine óga ar na heispéiris seo a chluinstin.

Roinnt píosáí taighde a choimisiúnú, a dhéanamh agus a fhoilsiú chun eispéireas ar an bpóilíneacht a thuiscint ag daoine nach minic a gcloistear a gcuid tuairimí - mar shampla riachtanais phóilíneachta ag grúpaí mionlaigh, daoine óga i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte orthu - ag cur eolais ar fáil ionas gur féidir leis an Údarás rannpháirtíocht a dhéanamh leis an nGarda Síochána ar na ceisteanna seo.

Cuirtear eispéiris leanaí agus daoine óga i láthair trí thorthaí taighde agus rannpháirtíocht, agus tugann sé le fios go pointe an méid muiníne atá acu as an tseirbhís phóilíneachta, na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar an muinín sin agus an dóigh a bhféadfadh póilíneacht a bheith níos freagraí.

Eolas agus sonraí níos fearr a chur ar fáil ar an gcaidreamh idir na daoine is annamh a chloistear agus an tseirbhís phóilíneachta, ar féidir iad a úsáid chun beartas agus cleachtas póilíneachta a fheabhsú.

Tarraingíonn an chomhairle a cuireadh ar an Aire ar thaighde reatha agus amach anseo.

**Maoirseacht fhócasaithe a dhéanamh ar phríomh-shaincheisteanna don phobal trí rannpháirtíocht leis an nGarda Síochána, agus le páirtithe leasmhara ábhartha**

Éisteacht le saincheisteanna, athbhreithniú agus tuairisciú a dhéanamh orthu agus an tionchar a bhíonn acu ar an bpobal agus ar an nGarda Síochána maidir le:

- Póilíneacht ar Dhrugaí
- Coir fuatha
- Póilíneacht agus meabhairshláinte

Tuarascáil a fhoilsiú ar gach ceann de na trí thopaic a bheidh mar bhonn eolais do rannpháirtíocht an Údaráis leis an nGarda Síochána agus a bheidh mar bhonn le plé poiblí.

Taighde níos fairsinge déanta agus foilsithe i gceann amháin ar a laghad de na trí réimse.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na seirbhíse póilíneachta a chuirtear ar fáil do phobail (ar lean)**

Taighde sna réimsí seo a chur chun cinn agus tacú leis le linn thréimhse na straitéise chun eolas a thabhairt do mhaoirseacht leanúnach.

**Cuntasacht maidir le Póilíneacht a neartú ar bhonn áitiúil**

Treoirínte leasaithe a eisiúint do Chomhchoistí Póilíneachta (CCP).

Tabhairt faoi chlár forbartha acmhainne dóibh siúd atá ag obair i gComhchoistí Póilíneachta nó i bhfóraim nó i gcomhar leo.

Cruinniú Bliantúil a reáchtáil le Cathaoirligh an CCP.

Déanfar tuilleadh forbartha ar an gcuid ar CCP ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Póilíneachta mar acmhainn chun comhroinnt faisnéise a éascú idir CCP agus an pobal.

Treoirínte CCP curtha amach, tuigte agus úsáid bainte astu le fianaise ann go bhfuil fócas straitéiseach níos mó ann, éagsúlacht rannpháirtíochta agus úsáid meastóireachta i measc na CCP.

Is tábhachtach go meastar go raibh an oiliúint ábhartha agus gur chuir sí le hacmhainn níos fearr do bhaill choistí agus fóraim an ról iomlán a shamhlaítear leis an Acht a ghlacadh agus chun rannpháirtíocht straitéiseach níos fearr a chumasú don phobal ar thorthaí póilíneachta.

Tugtar tacaíocht do CCP chun feasacht a ardú ar an ról atá acu sa phobal agus chun taithí, foghlaim agus tionscnaimh rathúla ar tugadh fúthu a chomhroinnt.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim a eascraíonn as tionscnaimh idirghníomhaireachta agus aon impleachtaí a bhaineann le sábháilteacht phobail**

Freastal ar na Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail (CSPanna) agus dul i dteagmháil leis na pobail ábhartha agus le pearsanra an Gharda Síochána sna limistéir phiólótacha.

Tuairisciú go rialta ar thorthaí na rannpháirtíochta.

Iniúchadh a dhéanamh ar an deis chun comhpháirtithe áitiúla a thabhairt le chéile agus tacú leo oibriú i dtreo réitigh atá bunaithe ar fhianaise ar cheist sábháilteachta pobail ina bpobal.

Tacaíocht a thabhairt, i gcomhar leis an nGarda Síochána, do mheasúnú ar thionscnaimh áitiúil sábháilteachta pobail amháin ar a laghad.

Ócáid phoiblí le reáchtáil chun an fhoghlaim ar shábháilteacht an phobail a tharraingt le chéile le linn na tréimhse straitéisí agus na himpleachtaí a aithint maidir leis an dóigh is fearr chun tacú leis an obair seo agus measúnú a dhéanamh orthu.

Tuigeann an tÚdarás an tionchar agus an acmhainneacht a mheastar atá ag na CSPanna, tionchar agus acmhainneacht as a mbaintear úsáid chun a smaointeoireacht ar shábháilteacht pobail a threorú.

Tá deis ag an Údarás agus ag gníomhaithe pobail na dúshláin a thagann chun cinn in obair idirghníomhaireachta a aithint agus an dóigh is fearr le tacú leis sin chun eolas a thabhairt do thionscnaimh as seo amach chun fadhbanna sábháilteachta sa phobal a réiteach.

Measúnú déanta agus foilsithe de réir mar is cuí, ina léirítear an fhoghlaim atá taobh thiar de pholasaithe sábháilteachta pobail.

Corpas faisnéise bailithe agus measúnaithe a mhúnlóidh polasaithe agus obair amach anseo i réimse na Sábháilteachta Pobail. Tuiscint níos fearr ag an bpobal ar choincheap na Sábháilteachta Pobail.

Téama Straitéiseach

**02**

# Póilíneacht Éifeachtach





## Toradh Inmhianaithe



Tá póilíneacht éifeachtach chun coireacht a aimsiú agus a chosc agus cuirtear i gcrích é de shíor trí úsáid éifeachtach acmhainní.

### Cuspóirí Straitéiseacha

### Gníomhartha

### Slata tomhais ratha

**Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht phóilíneachta de réir na gceangaltas Reachtúil**

Na Tosaíochtaí Póilíneachta a athbhreithniú agus más gá iad a leasú gach bliain.

Pleananna Bliantúla Póilíneachta an Gharda Síochána a bhreithniú agus a cheadú.

Measúnú a dhéanamh gach mí ar fheidhmíocht phóilíneachta de réir Straitéis an Gharda Síochána 2022–24 agus an Plean Póilíneachta Bhliantúil.

Tabhairt faoi chlár rannpháirtíochta le comhaltaí an Gharda Síochána ag leibhéal stáisiúin, aonaid agus biúró chun dul chun cinn agus feidhmíocht maidir le tuiscint a fháil ar na gealltanais sa Phlean Póilíneachta.

Dul i dteagmháil le réimse leathan de pháirtithe leasmhara chun tuairimí a fháil ar fheidhmíocht phóilíneachta agus ar an tionchar a bheidh ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Phlean Póilíneachta.

Déantar tosaíochtaí Póilíneachta Bliantúla atá freagrúil, eolasach agus a léiríonn riachtanais phóilíneachta an phobail a chomhaontú de réir an Achta agus cuirtear in iúl iad do Choimisinéir an Gharda agus foilsítear iad gach bliain.

Déantar Plean Bliantúil Póilíneachta a fhaomhadh faoin 30 Samhain gach bliain, a chuireann in iúl agus a léiríonn na gealltanais póilíneachta don phobal.

Foilsítear tuarascálacha go rialta ar Fheidhmíocht Phóilíneachta ina léirítear maoirseacht an Údaráis agus a chuireann an pobal ar an eolas faoi fheidhmíocht phóilíneachta de réir gealltanais straitéiseacha agus bhliantúla. Cuireann na daoine sin a sholáthraíonn an tseirbhís phóilíneachta agus na daoine a bhfuil an tseirbhís sin dóibh eolas ar fáil don mhaoirseacht a dhéantar ar fheidhmíocht.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht phóilíneachta de réir na gceangaltas Reachtúil (ar lean)**

Dul i dteagmháil le Coimisinéir an Gharda Síochána agus le bainistíocht an Gharda Síochána gach mí chun feidhmíocht de réir na Straitéise agus an Phlean Bhliantúil a mheas agus a phlé.

Déanann an rannpháirtíocht tuiscint ar an dul chun cinn atá déanta a éascú, ar na dúshláin atá ann, agus ar na bearta is féidir a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíontar na gealltanais a thugtar don phobal.

**Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm sa Gharda Síochána a chinntíonn go gcuirtear príomh-mholtaí tríú páirtí i bhfeidhm**

Teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána chun scrúdú a dhéanamh, a thuiscint agus dearbhú a lorg go bhfuil próisis láidre rialachais imeasctha ann a chuidíonn leis an eagraíocht moltaí tríú páirtí a rianú, a mheasúnú de réir riosca, a chur in ord tosaíochta agus a chur i bhfeidhm.

Measúnú a dhéanamh ar a mhéad a chuirtear i bhfeidhm na moltaí a eascraíonn as Tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Mhí-Úsáid Ghnéis Leanaí, an an tAthbhreithniú ar Dhúnmharú a rinne an Fhoireann Athbhreithnithe um Imscrúdú ar Dhúnbhásaithe agus thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Choireacht, chomh maith le Príomhthuarascálacha Cigireachta eile. Sa chás nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm, measúnú a dhéanamh ar na maoluithe agus na rialuithe atá i bhfeidhm idir an dá linn chun déileáil leis na rioscaí atá go fóill ann.

Cuirtear moltaí tríú páirtí i bhfeidhm agus bíonn feabhas ar sheirbhís póilíneachta don phobal mar thoradh air seo.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an nGarda Síochána maidir le dul i ngleic leis na heasnaimh agus na rioscaí a aithníodh sa tseirbhís phóilíneachta atá ann, mar atá leagtha amach i ngach ceann de na tuarascálacha seo, rud a fhágann go bhfuil seirbhís phóilíneachta níos fearr d'íospartaigh na coireachta.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Measúnú a dhéanamh ar a mhéad atá feidhmeanna cumasaithe mar airgeadas, Acmhainní Daonna, TFC agus cóiríocht ag soláthar tacaíocht straitéiseach don póilíneacht.**

Cruinniú sa ráithe le bainistíocht an Gharda Síochána chun measúnú a dhéanamh ar mhéad a dhéantar na feidhmeanna cumasaithe a imeascadh go leordhóthanach sa phleanáil do sholáthar seirbhíse póilíneachta éifeachtach.

Leanúint le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir le:

- Pleanáil straitéiseach don fhórsa saothair
- Forbairt agus comhdhlúthú na feidhme bainistíochta straitéiseach airgeadais
- Straitéis Oiliúna Eagrúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm
- Soláthar teicneolaíochta sonraí agus faisnéise chun tacú le póilíneacht

Rannpháirtíocht ghníomhach sa Chomhghrúpa Oibre ar Acmhainní an Gharda Síochána.

Mar thoradh ar an maoirseacht is amhlaidh go spreagtar imeascadh agus go ndéantar monatóireacht air idir phleanáil acmhainní agus sheachadadh seirbhíse póilíneachta éifeachtach.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Monatóireacht, measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na struchtúr, na hoiliúna, na bpolasaithe agus na gcleachtas atá i bhfeidhm trínar féidir coireacht a aimsiú agus a chosc dá réir.**

Teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána chun measúnú a dhéanamh ar na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar an leibhéal a aimsítear cineálacha éagsúla coireachta agus ar na gníomhartha atá á ndéanamh chun na leibhéil sin a fheabhsú, go háirithe maidir le:

- Cleachtais chun coireacht a thaifeadadh
- Coireacht a chosc
- Cáilíocht an imscrúdaithe
- Tacaíocht d'íospartaigh
- Acmhainní chun agallaimh a dhéanamh
- Úsáid sonraí, eolais agus faisnéise
- Maoirseacht
- Oiliúint
- Piarmheasúnú
- Bainistíocht Fianaise
- Feidhmíocht na Cúirte

Cruthaíonn maoirseacht spriocdhírthe ar gach fachtóir tuiscint agus feasacht fheabhsaithe ar na gníomhartha nach mór a dhéanamh chun tionchar dearfach a imirt ar choireacht a aimsiú agus a chosc.

Téama Straitéiseach

03

# Caighdeán an Gharda Síochána agus Cearta an Duine



## Toradh Inmhianaithe



**Póilíneacht eiticiúil a chosnaíonn cearta an duine do gach duine a bhíonn páirteach sa tseirbhís agus iad siúd a bhfuil tionchar acu uirthi**

### Cuspóirí Straitéiseacha

### Gníomhartha

### Slata tomhais ratha

**Maoirseacht a dhéanamh ar an réimse gníomhartha atá á ndéanamh ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar Chaighdeán an Gharda Síochána agus chun tacú leis**

Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus nuair is féidir an tionchar a bheidh ann mar thoradh orthu seo a leanas:

- An tAonad Frith-Éillithe agus beartais ghaolmhara ar ghrinnfhiosrúchán inghairme agus ar thástáil substaintí
- Tuairisciú feabhsaithe agus staitisticí maidir le húsáid fórsa a fhoilsiú
- Leathadh amach an Mhoil Rialachais agus Feidhmíochta mar chuid den tsamhail Oibriúcháin mar bhealach chun cur le feasacht na heagraíochta ar fhorleithne, cineál agus comhsheasmhacht na freagartha ar shaincheisteanna feidhmíochta agus disciplín atá ann sna rannáin go léir.
- An dóigh a dtéitear i ngleic le gearáin agus léirithe míshásaimh leis an tseirbhís phóilíneachta agus an dóigh a mbailítear agus a gceistítear sonraí a bhaineann le gearáin nó léirithe míshásaimh agus a gcuirtear eolas ar fáil chun polasaithe a cheapadh.

Is é an toradh a bhíonn ar shonraí a bhailiú agus a fhoilsiú, sonraí a bhaineann le caighdeán an Gharda Síochána ná trédhearcacht níos fearr agus cinnteacht don phobal go ndéantar monatóireacht agus tacaíocht ar chaighdeán an Gharda Síochána agus go dtéitear i ngleic le sáruithe ar chaighdeán nó iompar míchuí ar mhodh cothrom agus tráthúil.

Staitisticí maidir le húsáid fórsa, agus sonraí méadaithe iontu, a fhoilsiú go rialta.

Tuarascáil an údaráis ar phróiseas gearán a chuidíonn le feasacht níos fearr a fháil ar an bpróiseas, ina sainithnítear bearta le haghaidh feabhsúcháin agus a spreagann úsáid mhéadaithe ar shonraí maidir le gearáin.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Maoirseacht a dhéanamh ar an réimse gníomhartha atá á ndéanamh ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar Chaighdeán an Gharda Síochána agus chun tacú leis (ar lean)**

- A mhéad a thugtar tacaíocht agus spreagadh do dhaoine a gcuid tuairimí a léiriú san eagraíocht agus a mhéad a thacaíonn polasaithe leis seo.
- A mhéad a úsáidtear an próiseas bainistíochta feidhmíochta do Bhaill an Gharda Síochána agus d'Fhoireann an Gharda Síochána agus a sholáthraíonn modh éifeachtach chun feidhmíocht aonair a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt uirthi

**Measúnú a dhéanamh ar a mhéad atá eitic agus cearta an duine mar chuid lárnach den eagraíocht**

Maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí atá mar thoradh ar Thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Choinneáil.

Measúnú a dhéanamh ar ghnéithe de na struchtúir mhaoirseachta agus rialachais atá i bhfeidhm i réimse na póilíneachta faoi cheilt nach mbaineann le slándáil.

Taifeadadh, trédhearcacht agus infhaighteacht níos fearr ar shonraí a bhaineann le húsáid stad agus cuardaigh a spreagadh.

Tuiscint níos fearr ar a mhéad a leanann cleachtas póilíneachta le dualgais chearta an duine agus a aithníonn an áit a ndéantar é seo go maith agus an dóigh a bhféadfaí feabhas a chur air seo.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Measúnú a dhéanamh ar a mhéad atá eitic agus cearta an duine mar chuid lárnach den eagraíocht (ar lean)**

Taighde a dhéanamh agus a choimisiúnú ar eispéiris pobail éagsúla ar phóilíneacht chun an tuiscint ar dhearcthaí i leith na póilíneachta a chomhlánú agus a mhéadú agus a chuirtear ar fáil i Suirbhé an Gharda Síochána ar Thuairimí an Phobail.

**Measúnú a dhéanamh ar an dóigh a gcinntítear go mbíonn comhsheasmhacht ann agus gearáin á láimhseáil maidir le hiompar an Gharda Síochána agus an dóigh a gcinntear gníomhaíochtaí ina dhiaidh.**

Maoirseacht a dhéanamh ar threochtaí agus patrúin ghearán i gcoinne an Gharda Síochána.

Measúnú a dhéanamh ar na sonraí ar fud na rannán chun rannpháirtíocht eolasach a chumasú ar cheist na comhsheasmhachta agus gearáin á láimhseáil.

Measúnú a dhéanamh ar a mhéad a dhéanann an córas bainistíochta feidhmíochta idirdhealú leordhóthanach idir cúrsaí feidhmíochta agus cúrsaí disciplín agus cé acu atáthar ag dul i ngleic le haon chonstaicí cultúrtha a chuireann cosc ar an idirdhealú sin a dhéanamh mar chuid d'athchóiriú cultúrtha agus an dóigh a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu.

Ranníocaíocht eolasach le disciplín a athchóiriú sa Gharda Síochána.



## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

### Ceapacháin

Leanúint ar aghaidh ag feabhsú agus ag tabhairt faoin bpróiseas ceapacháin do chéimeanna sinsearacha an Gharda Síochána, ag forbairt córais i gcomhairle le Coimisinéir an Gharda Síochána agus de réir na gcleachtas is fearr.

Leanúint le breithniú ar an gcód eitice, cearta an duine agus ionracas an Gharda Síochána a neadú mar ghnéithe a ndéantar measúnú orthu le linn na bpróiseas earcaíochta ag gach céim.

Oibriú le hAcmhainní Daonna an Gharda Síochána chun comhpháirtíocht agus comhsheasmhacht a dheimhniú idir próisis an Údaráis agus forbairt próisis chun sáirsintí agus cigirí a earcú.

Forbairt agus seachadadh creata nua inniúlachta do ghráid an Cheannfoirt, an Ard-Cheannfoirt agus an Choimisinéara Chúnta.

Ceapacháin thráthúla déanta ar chórais roghnúcháin atá trédhearcach agus bunaithe ar fhiúntas,

a chomhlíonann an creat rialúcháin is infheidhme, agus

a mheastar a bheith cothrom agus neamhchlaonta go himmheánach sa Gharda Síochána agus ag an bpobal.


Cuirtear próisis roghnúcháin le chéile agus léirítear iad bunaithe ar lárnacht an Chóid Eitice, oibleagáidí chearta an duine agus saincheist ionracas an Gharda Síochána.

Tháinig feabhas ar chleachtas na nGardaí maidir le hearcaíocht.

Téama Straitéiseach

**04**

# Ceannaireacht trí Leasú



## Toradh Inmhianaithe



Bhí tionchar ag an Údarás ar na socruithe maoirseachta póilíneachta don am atá le teacht agus tá sé ullamh lena n-aistriú go dtí an tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail.

### Cuspóirí Straitéiseacha

### Gníomhartha

### Slata tomhais ratha

**Tarraingt ar eispéireas an Údaráis - eolas agus tionchar a imirt ar bhreithniú agus ar fheidhmiú socruithe maoirseachta póilíneachta sa todhchaí**

Dul i ngleic go réamhghníomhach leis an bpróiseas reachtach ina leagfar amach an creat reachtúil le haghaidh maoirseacht phóilíneachta agus rannchuidiú leis.

Cuirtear tuairimí an Údaráis in iúl agus éistear leo. Coinnítear na leibhéil mhaoirseachta atá ann faoi láthair, agus déantar iad a fheabhsú nuair is féidir é, ar mhaithe le leas an phobail.

**An eagraíocht a ullmhú don aistriú ina eintiteas nua**

Measúnú a dhéanamh ar chumas agus ar bhonneagar reatha agus ar riachtanais dhóchúla an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail amach anseo a chinneadh i gcomhpháirt le Cigireacht an Gharda Síochána i dtéarmaí scileanna, rialachais, TFC agus córais, polasaithe agus próisis chun cúrsaí bainistíochta a thaifeadh.

Tá soláthar foirne agus acmhainní an chomhlachta nua oiriúnach dá fheidhmeanna reachtúla.

Obair a aithint ar bhonn bliantúil a mbíonn an Chigireacht agus an tÚdarás ag obair i gcomhar lena chéile agus ina ndéanann siad idirchaidreamh agus iad ag tarraingt ar an gcumas atá acu araon.

Roinnt deiseanna a aithint le haghaidh comhoibriú ar bhonn riaracháin ina gceadaítear eolas agus scileanna a roinnt mar ullmhúchán don chónascadh le Cigireacht an Gharda Síochána.

Cúnamh agus comhairle a thabhairt mar chuid de ghrúpaí stiúrtha tionscadail ar leith.

Dul i dteagmháil le grúpa stiúrtha na Roinne chun socruithe idirthréimhseacha a chur i bhfeidhm don eagraíocht nua.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Cultúr ardfeidhmíochta a choinneáil le linn na tréimhse aistrithe go dtí aon socrúithe nua oibre agus go dtí bunú an Údaráis nua.**

Aird a choinneáil ar phleanáil agus athbhreithniú gnó ina leagtar amach ionchais feidhmíochta soiléire atá ag teacht lenár gcuspóirí straitéiseacha agus ár ndualgais reachtúla.

Leanúint ar aghaidh ag forbairt na foirne trí chur chuige cuimsitheach maidir le bainistíocht feidhmíochta agus foghlaim agus forbairt.

Plean fórsa saothair ar siúl agus curtha i bhfeidhm agus foireann oilte cuí i bhfeidhm, forbartha agus coinnithe.

Béim a choinneáil ar rannpháirtíocht agus ar chomhairliúchán rialta agus trédhearcach leis an bhfoireann lena n-áirítear imeachtaí uile-foireann, suirbhéanna tréimhsiúla agus rannpháirtíocht duine le duine chun a chinntiú go bhfuil soiléireacht ann maidir le hábhar, luas agus torthaí inmhianaithe an phróisis athraithe.

Plean Cumarsáide  
Inmheánach socraithe agus athbhreithnithe go bliantúil.

Cuirtear cuspóirí straitéiseacha ardchaighdeán ar fáil go tráthúil.

Tá an eagraíocht fós solúbtha chun freagairt do thosaíochtaí nua maoirseachta a thagann chun cinn.

Fianaise ar shocrú spriocanna foirne éifeachtach agus ar mheasúnú feidhmíochta do gach fostaí.

Cuireann foireann in iúl go bhfuil siad eolach ar an bpróiseas aistrithe atá ar bun, go dtuigeann siad é agus go bhfuil siad páirteach ann de réir chultúr agus luachanna na heagraíochta.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Cultúr ardfeidhmíochta a choinneáil le linn na tréimhse aistrithe go dtí aon socrúithe nua oibre agus go dtí bunú an Údaráis nua. (ar lean)**

Tabhairt faoi roinnt tionscnamh maidir le folláine na foirne chomh maith lena chinntiú go bhfuil an fhoireann ar an eolas faoi na tacaíochtaí folláine atá i bhfeidhm agus go spreagtar iad chun úsáid a bhaint astu.

**Aistriú éifeachtach chuig obair hibrideach san eagraíocht a chumasú de réir pholasaí an Rialtais**

An teicneolaíocht riachtanach a chur i bhfeidhm agus cumas na heagraíochta a fhorbairt maidir leis na polasaithe agus an struchtúir eagraíochta agus an chultúir atá ag teastáil chun tacú leis an aistriú céimnithe chuig obair hibrideach agus leis an daingniú a bhaineann léi, mar obair.

Cuirtear feabhas ar fheidhmíocht na heagraíochta.

Rinne an eagraíocht polasaí an rialtais a chomhlíonadh maidir le socrúithe solúbtha oibre a chumasú.

**Struchtúir agus próisis rialachais a choinneáil agus feabhas a chur air chun leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh gach riachtanas reachtúil**

Bainistíocht riosca réamhghníomhach ina n-aithnítear rioscaí agus maolú a bheith ann.

Na córais airgeadais agus rialachais atá ann faoi láthair a choinneáil, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iarracht a dhéanamh iad a fheabhsú de réir riachtanais reachtúla agus rialachais.

Soláthraíonn an creat Rialachais chorparáidigh go gcomhlíontar go leanúnach na hoibleagáidí reachtúla go léir mar a léirítear i measúnuithe dearfacha tríú páirtí, lena n-áirítear tuarascálacha iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh.

Téama Straitéiseach

**05**

# Maoirseacht eolasach ina dtéitear i ngleic leis an bpobal ar chúrsaí póilíneachta



## Toradh Inmhianaithe



Bíonn an tÚdarás ar lorg, trí thaighde a dhéanamh agus trína bheith ag éisteacht go gníomhach, éagsúlacht tuairimí ar eispéireas ar an bpóilíneacht agus úsáideann sé, mar Údarás, an t-eolas seo chun dúshlán a thabhairt don Gharda Síochána póilíneacht a fheabhsú go leanúnach.

### Cuspóirí Straitéiseacha

### Gníomhartha

### Slata tomhais ratha

**Dul i dteagmháil le heagraíochtaí agus le grúpaí páirtithe leasmhara chun a n-eispéireas ar phóilíneacht agus eispéireas na ndaoine a ndéanann siad ionadaíocht dóibh a chloisteáil, chun ár gcuid oibre maoirseachta a mhúnlú.**

Plean Bliantúil rannpháirtíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a ndéantar athbhreithniú go rialta air agus atá in ann freagairt go solúbtha do cheisteanna póilíneachta a thagann chun cinn.

Tá fairsinge na rannpháirtíochta ábhartha, tráthúil agus leordhóthanach chun bonn eolais a chur faoi gach príomhghné den obair mhaoirseachta.

Déantar measúnú ar fhor-rochtain agus ar rannpháirtíocht chun bonn eolais a chur faoi straitéis don todhchaí.

**Dul i dteagmháil le baill an Gharda Síochána i stáisiúin, sainaonaid agus biúróin chun an t-eispéireas atá acu ar na dúshlán a bhaineann le póilíneacht, athchóiriú póilíneachta agus acmhainní a chloisteáil agus a thuiscint.**

Féach thuas.

Áirítear go rialta le measúnú agus tuairisciú an Údaráis ar fheidhmíocht an Gharda machnamh a dhéanamh ar eispéireas bhaill an Gharda Síochána.

## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Taighde ar chúrsaí póilíneachta a dhéanamh, a choimisiúnú, a chur chun cinn agus comhoibriú a dhéanamh leis, chun maoirseacht agus feasacht phoiblí ar chúrsaí póilíneachta a mhúnlú.**

Straitéis taighde ilbhliantúil a fhorbairt.

Imeacht bliantúil a reáchtáil le taighdeoirí atá ag obair i réimsí an cheartais choiriúil agus réimsí ábhartha eile chun feasacht a chur chun cinn ar phríomhcheisteanna maoirseachta agus póilíneachta agus tuiscint a chur chun cinn ar an dóigh a bhféadfadh a gcuid oibre maoirseacht a mhúnlú chomh maith le deiseanna maoinithe curtha ar fáil trí Scéim Sparánachta Taighde an Údaráis Póilíneachta agus trí thaighde a choimisiúnú.

An dara Scéim Sparánachta Taighde a sheoladh agus féachaint an bhféadfaí an Scéim a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an nGarda Síochána.

Tá an taighde de réir na dtéamaí straitéiseacha a chumasaíonn maoirseacht eolasach agus tuiscint an phobail ar phríomhthéamaí póilíneachta agus tacaíonn sé leis, mar thaighde.

Déantar forbairt taighde a bhaineann le póilíneacht a spreagadh agus a chur chun cinn, agus díritear é ar chleachtas póilíneachta a fheabhsú agus feasacht an phobail ar chúrsaí póilíneachta a chur chun cinn.

Tá Sparánacht Taighde i bhfeidhm, roghnaítear tionscadail rathúla agus cuirtear tús le taighde.

Déantar téamaí Sparánachta a shainaithint agus tugtar faoi iarratais agus maoiniú a mheas i gcomhar leis an nGarda Síochána.

Cuirtear taighde amach a mhúnlaíonn maoirseacht, a chuidíonn le feabhas a chur ar chleachtas póilíneachta agus a mheasann saincheisteanna sa todhchaí maidir le póilíneacht.



## Cuspóirí Straitéiseacha

## Gníomhartha

## Slata tomhais ratha

**Caidreamh éifeachtach a choinneáil agus a dhoimhniú le comhlachtaí maoirseachta póilíneachta in Éirinn agus thar lear**

Deiseanna a lorg ina ndéantar tosaíochtaí maoirseachta a thabhairt le chéile agus ina gcuirfear an obair sin chun cinn trí eispéireas, sonraí, faisnéis agus tuiscint a roinnt.

Comhoibriú níos fearr le comhlachtaí maoirseachta ar roinnt saincheisteanna coitianta a chuireann leis an tSeirbhís Phóilíneachta a fheabhsú.

Teagmháil rialta le Cigireacht an Gharda Síochána agus le Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána.

**Feasacht an phobail ar chúrsaí póilíneachta agus torthaí maoirseachta póilíneachta a chur chun cinn**

Straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a choinneáil atá imeasctha inár gcuid oibre maoirseachta agus a bhaineann úsáid as deiseanna chun faisnéis a scaipeadh go héifeachtach atá inrochtana, reatha agus a spreagann plé agus díospóireacht ar chúrsaí póilíneachta.

Feasacht níos fearr ag an bpobal ar obair an Údaráis agus ar thorthaí na maoirseachta.

An leas is fearr a bhaint as suíomh Gréasáin agus meáin shóisialta an Údaráis chun faisnéis a chur ar fáil faoi obair an Údaráis agus chun feasacht an phobail ar phóilíneacht in Éirinn a chur chun cinn.

# Ár dTiomantas do Chearta an Duine agus don Chomhionannas

Cuireann Alt 42 d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas ar chomhlachtaí poiblí ar nós an Údaráis deireadh a chur le leithcheal, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta na ndaoine dá soláthraíonn siad seirbhísí agus baill foirne a chosaint agus iad i mbun a gcuid oibre laethúla.

Mar chuid dá phlean straitéiseach, ceanglaítear ar an Údarás measúnú a leagan amach ar na saincheistanna chearta an duine agus comhionannais a chreideann sé a bheith ábhartha dá fheidhmeanna agus dá chuspóir, agus na polasaithe, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe chun tabhairt faoi na saincheistanna seo.

Nuair a bhí an straitéis seo á hullmhú againn, rinneadh measúnú ar ár bpolasaithe agus ar ár nósanna imeachta reatha i gcomhthéacs na reachtaíochta ábhartha inmheánaí agus an dlí um chearta an duine lena n-áirítear na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 2000-2015, an tAcht um Míchumas 2005 agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Cearta Daoine faoi Mhíchumas (CRPD).

Go sonrach, tá scrúdú déanta againn ar ár seirbhísí corparáideacha, ár gcumarsáidí agus ár n-imeachtaí, ár seirbhís do chustaiméirí, agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara atá tar éis éirí níos tábhachtaí chun ár maoirseacht agus ár dtuiscint ar an eispéireas beo ar an bpóilíneacht a threorú.

As seo, d'aithníomar na réimsí seo a leanas atá le feabhsú le linn na tréimhse reatha:

- Inrochtaineacht agus fairsinge dáileacháin ár gcumarsáide a mhéadú chun a chinntiú go gcuirtear ar chumas an oiread daoine agus is féidir rochtain a fháil ar thorthaí ár gcuid oibre
- Ár gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí a nuashonrú agus an dóigh a bhfreagraímid d'fhiosrúcháin ón bpobal ar fad, dá éagsúla é
- Uasghrádú ar ár suíomh Gréasáin i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchlár Soghluaiste Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí) 2020
- Ár gclár rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara a leathnú chun a chinntiú gur féidir le hionadaithe ó gach pobal agus grúpa in Éirinn a dtuairimí agus a n-eispéireas ar phóilíneacht a roinnt chun ár maoirseacht a mhúnlú agus chun a chinntiú go mbíonn an phóilíneacht ag freastal ar gach cuid den phobal

Is é príomhfhéidhm an Údaráis maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an Gharda Síochána ina fheidhmeanna a bhaineann le seirbhísí póilíneachta. Áirítear leis seo a chinntiú go gcuirtear seirbhísí póilíneachta ar fáil de réir na gcaighdeán eitice is airde agus ar dhóigh ina ndearbhaítear cearta daonna gach duine. Leanfaidh an tÚdarás le póilíneacht agus feidhmíocht an Gharda Síochána a chur i gcomhthéacs an Chóid Eitice agus a dhualgais inmheánacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus comhionannas.



